



Tar éis do do leanbh an Vacsáin in aghaidh COVID-19 (Pfizer/BioNTech) a fháil

Inniu, fuair do leanbh an vacsaín in aghaidh COVID-19 (**Pfizer/BioNTech**) do leanaí.

Iarrtar ort an doiciméad seo a léamh go cúramach le go mbeidh a fhios agat cén chaoi a mbeidh sé ag aireachtáil as seo go ceann cúpla lá agus cá háit ar féidir leat teacht ar a thuilleadh eolais más gá.

Iarrtar ort an bhileog eolais a thugamar duit maidir leis an vacsaín a léamh freisin.

Ar deireadh, táimid le taifead ar vacsaíniú do linbh inniu a thabhairt duit chomh maith. **Iarrtar ort an cárta taifid vacsaínithe sin a choinneáil in áit shábháilte.**

Céard a d'fhéadfadh tarlú as seo go ceann cúpla lá?

Roinnt daoine a fuair an vacsaín seo:

- bhí frithireacht agus at orthu sa ghéag láimhe ar ar tugadh an t-instealladh vacsaíne dóibh
- bhí tuirse orthu
- bhí tinneas cinn orthu
- bhí pian sna matáin acu
- bhí pian sna hailt acu
- bhí buinneach orthu
- bhí fiabhras orthu (teocht 38 céim Celsius nó os a chionn).

Tháinig míocairdíteas (athlasadh mhatán an chroí) agus peireacairdíteas (athlasadh líneáil an chroí) ar líon an-bheag daoine a fuair an vacsaín.

Tá baol na riochtaí an-annamh seo níos airde i measc fir óga. Is mó seans go dtarlóidh na riochtaí seo laistigh de 14 lá tar éis an dara dáileog den vacsaín a fháil.

Mar is amhlaidh i gcás gach vacsaíne, is féidir leat fo-iarmhairtí amhrasta a thuairisciú don Údarás Rialála Táirgí Sláinte. Le fo-iarmhairtí a thuairisciú, téigh chuig www.hpra.ie/report

Céard ba cheart dom a dhéanamh má bhíonn fiabhras nó tinneas agus pianta ar mo leanbh?

Má bhíonn fiabhras nó tinneas agus pianta ar do leanbh, is féidir leat paraicéiteamól nó iobúróifein a thabhairt dó.

Mar sin féin, faigh comhairle leighis má mhaireann a fhiabhras níos mó ná 48 uair an chloig nó má bhíonn imní ort.

Céard is gá dom a choinneáil i gcuimhne nuair a bheidh mé ag tabhairt mo linbh isteach le haghaidh na chéad dáileoige eile den vacsaín in aghaidh COVID-19?

Inis don fhoireann vacsaínithe má tá aon athrú tagtha ar stair leighis do linbh idir an dá linn. Ná déan dearmad a chárta taifid vacsaínithe a thabhairt leat chuig an gcéad choinne eile.

Cathain a bheidh mo leanbh cosanta?

Ba cheart go gcosnódh an vacsaín do leanbh in aghaidh na ndeacrachtaí tromchúiseacha a bhaineann le COVID-19.

Ní thosódh an vacsaín ag obair go ceann 7 lá tar éis an dara dáileog a fháil.

Roinnt leanaí a bhfuil córas imdhíonachta sochta acu, ní bhfaighidh siad an leibhéal céanna cosanta ó dhá dháileog agus iarrfar orthu teacht le tríú dáileog a fháil.

Tá seans beag fós ann go dtolfadh do leanbh COVID-19 fiú tar éis an vacsaín a fháil.

Ní fios go fóill an féidir le leanaí vacsaínithe an víreas a scaipeadh ar dhaoine eile, mar sin ní mór dó leanúint air ag cloí leis an gcomhairle sláinte poiblí. Le comhairle cothrom le dáta a fháil, téigh chuig [hse.ie/covid19](https://www.hse.ie/covid19)

An bhfuil ceist agat?

Mura bhfuil tú cinnte faoi rud ar bith, nó má tá aon cheist agat faoin vacsaín in aghaidh COVID-19, cuir ceist ar an duine atá ag tabhairt na vacsaíne duit inniu.

Téigh chuig www.hse.ie/covid19vaccine le tuilleadh eolais a chur ar an vacsaín in aghaidh COVID-19.

Fo-iarmhairtí

Iarrtar ort aon fo-iarmhairtí a thuairisciú don Údarás Rialála Táirgí Sláinte ag www.hpra.ie/report